

ELeathanach336

Dé Luain, an 9 Nollaig 2019



Bainigí taitneamh as an mbriseadh. Beidh an *ELeathanach* ar ais ar 13 Eanáir 2019!




I'm a Celebrity: Banríon na Dufaire 2019

Chríochnaigh an clár *I'm a Celebrity* Dé Domhnaigh, tar éis dóibh 23 lá a chaitheamh sa dufair. Bhí triúr sa bhabhta ceannais; Jacqueline Jossa, Roman Kemp agus Andy Whyment.

Bhuaigh Jacqueline Jossa an clár agus is í Banríon na Dufaire 2019 í. Tá aithne ag daoine uirthi mar aisteoir ar an gclár teilifíse *EastEnders*, cé gur fhág sí an clár sin an bhliain seo caite.

Bhí tasc le déanamh ag Jacqueline ina raibh uirthi luí ceangailte de réalta agus an-chuid feithidí ag siúl uirthi. Don nóiméad deireanach den tasc bhí uirthi damhán alla a choimeád ina béal. Bhí daoine ar na meáin shóisialta ag gearán go raibh an dúshlán ró-éasca don bhabhta ceannais!



Drochaimsir ó Stoirm Atiyah

Bhuail an chéad stoirm mhór den bhliain an tír ag an deireadh seachtaine. Stoirm Atiyah an t-ainm a bhí ar an stoirm agus tháinig sí chugainn ón Íoslainn.

D'fhógair Oifig na haimsire stádas oráiste maidir leis an ngaoth in ocht gcontae thar an deireadh seachtaine.

Bhí ar an Oifig an stádas a ardú go dearg do Chontae Chiarraí Dé Domhnaigh. Dhún siopaí go luath agus bhí Páirc Náisiúnta Chill Airne dúnta freisin ar eagla na heagla.

Leag an ghaoth crainn ar fud na tíre. Sa Daingean, shéid an ghaoth bothán amach ar an mbóthar agus bhí ar an gComhairle Contae é a bhogadh.

De réir liosta na stoirmeacha, is é Stoirm Bhreandáin an t-ainm a bheidh ar an gcéad stoirm mhór eile a bhuailfidh an tír.



Píosa ealaíne bunaithe ar bhanana!

Is ealaíontóir Iodálach é Maurizio Cattelan agus chruthaigh sé píosaí ealaíne bunaithe ar bhananaí. Ghreamaigh sé banana den bhalla le téip!

Dhíol sé dhá leagan den píosa ealaíne ar €120,000 agus bhí an tríú ceann ar taispeáint in Art Basel Miami Beach. *Comedian* an t-ainm a thug sé ar an bpíosa ealaíne.

Thaitin sé go mór le David Datuna agus chuir sé fis in airde ar an idirlíon inar ith sé an banana! Dúirt sé go raibh an píosa ealaíne an-bhlasta. Tá banana nua curtha ar an mballa anois!

